Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15439/23**

**SOC 787**
**EMPL 564**
**CLIMA 560**
**ECOFIN 1189**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú – Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, ar teachtaireachtaí iad atá le formhuiniú ag an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (Comhairle EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 27 agus an 28 Samhain 2023.

Tá conclúidí tír-shonracha an athbhreithnithe arna dhéanamh ag Grúpa Anailíse Polaitiúla an Choiste Fostaíochta le fáil san Aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo.

**IARSCRÍBHINN**

**Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú**

**Na Príomhtheachtaireachtaí**

## 1. Réamhrá

**Tá sé de chúram ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú**. Is é is aidhm don Mholadh, a glacadh i mí an Mheithimh 2022 mar dhlúthchuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', a áirithiú go mbeidh aistriú an Aontais i dtreo sochaí atá aeráidneodrach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi 2050, ar a dhéanaí, cothrom agus nach bhfágfar aon duine ar lár. Sa chomhthéacs sin, chomhaontaigh na Ballstáit – i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta – pacáistí beartais atá cuimsitheach comhleanúnach a ghlacadh agus a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe fostaíochta, scileanna agus sóisialta an aistrithe ghlais.

**Tagraítear sa Mholadh do ról na gCoistí faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme ina réimsí inniúlachta faoi seach, bunaithe ar thuairisciú leordhóthanach agus ar ghníomhaíochtaí iltaobhacha faireachais**. Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023, rinne Grúpa Anailíse Polaitiúla an Choiste Fostaíochta athbhreithnithe iltaobhacha ina ndearnadh measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag gach Ballstát i ndáil le tacaíocht ghníomhach a sholáthar d'fhostaíocht ardcháilíochta i gcomhthéacs an aistrithe ghlais[1], agus bhí plé téamach ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta ar ról an chórais sochair cánach agus an chórais cosanta sóisialta san aistriú glas[2]. Ina theannta sin, rinne an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta araon measúnú ar shaincheisteanna cothrománacha, mar shampla an cur chuige uile-shochaí a ghlacadh. Maidir leis na Príomhtheachtaireachtaí seo, baintear leas as na torthaí atá le fáil sa dá athbhreithniú; tá conclúidí tír-shonracha an athbhreithnithe arna dhéanamh ag Grúpa Anailíse Polaitiúla an Choiste Fostaíochta le fáil san Aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo.

---

1 Rinne Grúpa Anailíse Polaitiúla an Choiste Fostaíochta measúnú freisin ar bhearta ábhartha sa chóras sochair cánach a bhaineann leis an bhfostaíocht, mar shampla foráil maidir leis na sochair dhífhostaíochta agus an cánachas a aistriú ó chúrsaí saothair.

2 Déanfar tuilleadh plé ar fhorálacha ábhartha eile, mar shampla na forálacha sin a bhaineann le scileanna, sna hathbhreithnithe a dhéanfar go luath.

## 2. Tacaíocht ghníomhach d'fhostaíocht ardcháilíochta

**Gabhann ath-leithdháileadh suntasach lucht saothair agus riachtanais scileanna leis an aistriú glas, agus iarmhairtí níos mó dá réir ar na tionscail dianfhuinnimh.**

**Is é is aidhm don athbhreithniú seo measúnú a dhéanamh ar chláir agus ar bhearta na mBallstát chun tacaíocht ghníomhach a chur ar fáil d'fhostaíocht ardcháilíochta agus d'aistrithe nuálacha ó phost go post i gcomhthéacs an aistrithe ghlais**, go háirithe bearta maidir le seirbhísí fostaíochta, cúrsaí oiliúna, dreasachtaí chun gabháil leis an aistriú (ó phost go post), fiontraíocht a chur chun cinn, rochtain ar mhaoiniú, tionchair ar shábháilteacht agus sláinte ceirde, cleachtais soláthair phoiblí agus rannpháirtíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta.

**Ar an iomlán, tá bearta agus tionscadail curtha chun feidhme go pointe áirithe ag formhór na mBallstát lena dtugtar aghaidh ar thionchair fostaíochta agus shóisialta an aistrithe ghlais.** Den chuid is mó, is ag brath go mór ar chláir, ar bheartais agus ar struchtúir atá ann cheana féin atá freagairtí beartais na mBallstát; aon tír amháin a chuir creat straitéiseach institiúideach tiomnaithe i bhfeidhm don aistriú cothrom. Thuairiscigh roinnt de na Ballstáit nach raibh comhthuiscint ann maidir leis na beartais agus na sainmhínithe leordhóthanacha agus mhol siad dea-chleachtais a mhalartú ar bhealach struchtúrtha a chur chun cinn.

**Is cúis mhór imní an ganntanas lucht saothair in earnálacha ríthábhachtacha, mar shampla fuinneamh, monaraíocht, tógáil, agus seirbhísí gairmiúla nach mór aird níos mó a thabhairt air.** Tá formhór na mBallstát ag brath ar shaoráidí seirbhísí poiblí fostaíochta atá ann cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas. Ag an am céanna, cé go bhfuil líon níos lú Ballstát tar éis tús a chur le cláir fostaíochta agus béim acu ar phoist ghlasa, is poist iad atá ag céim luath agus beidh gá le tuilleadh measúnaithe sna blianta amach romhainn. Tá roinnt de na Ballstáit ag díriú go gníomhach ar ghrúpaí leochaileacha nó ar na hoibrithe sin in earnálacha agus i réigiúin ar leith ina bhfuiltear ag cur deireadh de réir a chéile le tionscail – mar shampla tionscal an ghuail – a mheastar a bheith i measc na dtionscal sin is mó a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu. Ar bhealach comhlántach, tá cláir tacaíochta fostaíochta á bhforbairt ag Ballstáit áirithe atá dírithe ar earnálacha sonracha ardéilimh, mar shampla an earnáil tógála, acmhainní fuinnimh in-athnuaite, agus an geilleagar ciorclach. Maidir le cur chun feidhme na mbeart sin, thuairiscigh roinnt de na Ballstáit gur bhain siad úsáid as cistí an Aontais atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo chun na críche sin, mar shampla an Ciste um Aistriú Cóir agus cistí an bheartais chomhtháthaithe.

**Tuairiscíodh go bhfuil bearta athscilithe agus uas-scilithe don gheilleagar glas chun tosaigh i gcláir oibre uile na mBallstát**, in ainneoin nach bhfuil siad san áireamh go díreach i raon feidhme an athbhreithnithe reatha[3]. Léiríonn sé sin fócas níos láidre ar na bearta sin agus ní ar thionscnaimh eile chun tacaíocht ghníomhach a chur chun cinn d'fhostaíocht ardcháilíochta (i.e. bearta aistrithe ó phost go post, mar shampla liúntais aistrithe). Sa chomhthéacs sin, saincheist a thuairiscítear arís agus arís eile is ea an gá atá le huirlisí anailíse agus faireacháin a fhorbairt a thuilleadh lena gcabhrófaí le pacáistí cuimsitheacha beartais a dhearadh agus le héifeachtúlacht na gclár sin a rianú. Go háirithe, thug na Ballstáit chun suntais nárbh ann do shainmhíniú oibríochtúil uilíoch ar phoist ghlasa agus ar scileanna glasa agus d'áitigh siad go bhféadfadh sé sin bac a chur ar athbhreithniú ar chláir oiliúna agus ar churaclaim, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint. Mar sin féin, measann roinnt de na Ballstát gur leor na cláir oiliúna atá acu cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas freisin, go háirithe mar gheall ar chur chuige coisctheach atá bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar dhífhostú atá le teacht.

**3** Ní áirítear ach 'cúrsaí don spriocghrúpa (atá curtha in oiriúint do chuardaitheoirí poist) a dhíríonn freisin ar scileanna glasa agus digiteacha i gcás inarb iomchuí'. Clúdófar ábhar a bhaineann go sonrach le scileanna in athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo.

**Maidir le dreasachtaí chun gabháil le haistrithe sa mhargadh saothair agus leis an tsoghluaisteacht in earnálacha agus réigiúin, lena n-áirítear aistrithe nuálacha ó phost go post,** tá scéimeanna agus bearta ginearálta bunaithe ag formhór na dtíortha, agus is beag dea-chleachtais atá á gcur chun feidhme, mar shampla 'liúntais aistrithe poist'.

**Téama coiteann amháin i measc na mBallstát is ea gur ríthábhachtach é aistriú cothrom a chothú tríd an idirphlé sóisialta agus tríd an gcómhargáil**. Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta, tá iarracht déanta ag roinnt de na Ballstát sásraí idirphlé shóisialta atá ann cheana a ghiaráil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhargadh an tsaothair agus ar dhúshláin shóisialta a eascraíonn as an aistriú. Tá straitéisí rannpháirtíochta na n-oibrithe, go háirithe i gcomhthéacs an athstruchtúraithe, curtha chun feidhme ag go leor tíortha, rud a chumasaíonn cur chuige comhchoiteann a ghabhann le dálaí eacnamaíocha atá i mbun athraithe. Tá impleachtaí suntasacha ag an aistriú chuig geilleagar níos glaise ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil freisin, rud a éilíonn glacadh an phobail agus úinéireacht láidir ar bheartais agus infheistíochtaí. Ós amhlaidh atá, sa bhreis ar an idirphlé sóisialta, tá ról ríthábhachtach ag gníomhaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, trí chur chuige uile-shochaí.

**Ar an iomlán, tá fás ag teacht ar fheasacht maidir leis an ngá atá le fiontraíocht ghlas agus fiontraíocht shóisialta a chur chun cinn**. Cé go bhfuil bearta tacaíochta spriocdhírithe lena dtugtar aghaidh ar oibrithe a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh fós teoranta, tá tacaíocht fiontraíochta, mar aon le rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair ghlasa nuálacha, ag teacht chun cinn go tréan i roinnt de na Ballstáit chun an fhiontraíocht agus an nuálaíocht a stiúradh i gcomhréir leis an aistriú glas. Thairis sin, tugadh beartais soláthair phoiblí isteach i bhformhór na mBallstát, cé gur léir go bhfuil gá le hiarrachtaí níos téagartha fós i roinnt tíortha chun úsáid éifeachtach a bhaint as soláthar straitéiseach d'fhonn tacú leis an aistriú cóir.

**Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí méadaitheacha sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hearnálacha a ndéanann an t-athrú aeráide difear dóibh, tá roinnt de na Ballstáit ag cur feabhas freisin ar fheidhmiú agus ar oibríochtaí na gcigireachtaí saothair**, agus béim níos mó á leagan acu ar earnálacha a bhaineann le cúrsaí glasa, chomh maith leis na dúshláin a eascraíonn as an athrú aeráide, mar shampla nochtadh don teas agus strus i dtíortha áirithe.

## 3. Cosaint agus sochair shóisialta

**Tá bearta á ndéanamh ag formhór na dtíortha chun feabhas a chur ar na córais cosanta sóisialta atá acu cheana féin lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin fostaíochta agus shóisialta, cé nach dtugann ach líon beag de na tíortha aghaidh go sainráite ar an gcaoi a gcuireann na córais sin dúshláin an aistrithe ghlais san áireamh.** Iarradh go láidir go ndéanfaí, le tacaíocht an Choimisiúin, dea-chleachtais a mhalartú ar bhealach cuimsitheach struchtúrtha.

**D'fhéadfadh sé go mbeadh údar le hathruithe níos córasaí, ina léirítear go soiléir na dúshláin nua a bhaineann leis an aistriú glas, chun na córais cosanta sóisialta atá ann cheana a choigeartú**. Tá éagsúlacht ollmhór idir na bearta chun na córais cosanta sóisialta atá ann cheana féin a choigeartú ó thaobh raon feidhme agus uainiúcháin de. Measann roinnt de na tíortha gur leor na córais atá ann cheana féin chun cosaint shóisialta a chur ar fáil do dhaoine aonair a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh agus gur cheart dóibh leanúint de bheith inbhuanaithe. Ina theannta sin, ní chuireann ach líon beag tíortha bearta chun feidhme chun feabhas a chur ar réitigh laghdaithe riosca agus ar réitigh aistrithe riosca chun teaghlaigh agus fiontair a chosaint, agus tá na bearta sin an-éagsúil maidir le rochtain agus inacmhainneacht réitigh árachais. Bheadh tuilleadh iarrachtaí de dhíth chun an bhearna i gcosaint na haeráide a laghdú ar bhealach níos éifeachtúla, i.e. an sciar de chaillteanais eacnamaíocha neamhárachaithe i gcaillteanais iomlána arb iad tubaistí turraingeacha a bhaineann leis an aeráid is cúis leo mar shampla tuilte, falscaithe nó triomaigh.

**I roinnt de na Ballstát, tá an deis ann an cánachas a aistriú a thuilleadh ón lucht saothair i dtreo foinsí eile a bheidh níos tacúla do spriocanna comhshaoil**. Mar sin féin, d'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha dáileacháin a bheith ag an gcáin chomhshaoil, trí ualach níos mó a chur ar theaghlaigh ísealioncaim. Is beag faisnéis atá ar fáil faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit úsáid a bhaint as ioncam poiblí ó chánacha fuinnimh agus comhshaoil chun drochthionchair shóisialta agus dáileacháin na mbeartas maidir leis an athrú aeráide a fhritháireamh. Trí ioncaim a úsáid le haghaidh sochair shóisialta níos spriocdhírithe lena dtugtar níos mó tacaíochta do theaghlaigh bhochta, is féidir feabhas a chur ar thorthaí dáileacháin athchóirithe cánach glasa ar nós bearta praghsála carbóin.

**Tá nach mór gach Ballstát tar éis athchóirithe a chur chun feidhme cheana féin nó tá sé beartaithe acu athchóirithe a chur chun feidhme chun rochtain agus cáilíocht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus cúraim sláinte agus/nó cúram leanaí a fheabhsú, ar athchóirithe iad atá ríthábhachtach do na teaghlaigh leochaileacha is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh**. I bhformhór na n-athchóirithe, tá béim láidir ar an neamhionannas réigiúnach a laghdú maidir le cáilíocht agus rochtain ar chúram agus/nó bearta chun astaíochtaí a laghdú, mar shampla athchóirithe fuinneamhéifeachtúla ar fhoirgnimh nó saoráidí cúraim in earnáil na tógála. Chun obair leantach a dhéanamh ar na pleananna sin, ní mór dianstruchtúir mhonatóireachta agus measúnú tionchair a dhéanamh.

**Ar deireadh, agus cé nach gcumhdaítear go díreach san athbhreithniú reatha iad, thuairiscigh beagnach gach Ballstát bearta sealadacha, i bhfoirm sochar agus liúntas den chuid is mó, do na teaghlaigh is mó atá thíos leis an mboilsciú i bpraghsanna fuinnimh mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus tréimhse an bhoilscithe mhóir ina dhiaidh sin**. Sa chomhthéacs sin, chuir go leor tíortha tacaíocht dhíreach spriocdhírithe shealadach ioncaim i bhfearas, go háirithe do dhaoine agus do theaghlaigh atá i staideanna leochaileacha, chun forbairtí díobhálacha ioncaim agus praghsanna a mhaolú. Chuir an chuid is mó acu liúntais shonracha shealadacha i bhfeidhm chun cúiteamh a dhéanamh ar an ardú ar phraghsanna, agus, mar shampla, coigeartuithe sealadacha ar leibhéil sochair nó phinsin atá ann cheana féin.

## 4. Conclúidí

**Ar an iomlán, tá tús curtha ag na Ballstáit le dul i ngleic leis na dúshláin chasta a eascraíonn as an aistriú glas; tá difríochtaí suntasacha mar sin idir tíortha maidir leis na beartais a cuireadh chun feidhme**. Cé go bhfuil tiomantas láidir polaitiúil i ngach Ballstát i leith aistriú glas cothrom a áirithiú, tá an chuid is mó acu ag céim luath de chur chun feidhme an Mholta, agus léirítear staid ilchineálach ar fud an Aontais maidir leis an dul chun cinn foriomlán. In ainneoin béim láidir a bheith ar na sásraí agus ar na creataí beartais atá ann cheana féin, tá, in ainneoin sin, céimeanna á dtabhairt chun cinn i ngach Ballstát. Tá, mar sin, scóip ann do chur chuige níos córasaí, níos comhordaithe agus níos comhleanúnaí chun dul i ngleic le dúshláin maidir le haistriú cóir, lena n-áirítear spriocdhíriú éifeachtúil.

**Léiríodh sa chéad athbhreithniú gur dheacair an cleachtadh a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta mar gheall ar dhoimhneacht an chleachtaidh agus ar an léirmhíniú éagsúil a d'fhéadfadh a bheith ann ar na beartais maidir leis an aistriú cóir**, rud a d'fhág go raibh leibhéil éagsúla gráinneachta ann maidir le hionchuir ó na Ballstáit. Tá scóip ann go fóill an comhar laistigh de rialtas na mBallstát a threisiú. Thairis sin, mhol na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú ar bhealach struchtúrtha a chur chun cinn arna éascú ag an gCoimisiún. D'fhéadfadh an fhoghlaim fhrithpháirteach ar leibhéal an Aontais rannchuidiú le feabhas a chur ar chórais náisiúnta agus le forbairtí beartais éagsúla a chomhordú lena dtacófaí le tuilleadh dul chun cinn maidir le haistriú glas cóir a áirithiú.

**Léirigh na hathbhreithnithe a rinne an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta go raibh roinnt dúshláin choiteanna ann, idir scileanna agus gairmeacha glasa a shainiú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus beartais éifeachtacha chánachais agus fóirdheontais a chur chun feidhme.** I bhfianaise an mhéid sin, caithfear díriú ar na dúshláin i ngach réimse den Mholadh sna blianta atá le teacht. Go háirithe, i roinnt mhaith de na Ballstáit, ba cheart an comhordú beartais ar na saincheisteanna a bhaineann leis an aistriú cóir agus glas a neartú, lena n-áirítear chun rannpháirtíocht ghníomhach éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú. Ba cheart dó cur chuige uile-shochaí a spreagadh freisin, trí rannpháirtíocht níos leithne na sochaí sibhialta san aistriú glas ar gach leibhéal a áireamh. Tá sásraí comhordaithe náisiúnta níos láidre – mar shampla sainúdaráis thiomnaithe agus ardáin náisiúnta a léiriú – tagtha chun cinn mar réitigh fhéideartha chun spriocanna comhshaoil a phríomhshruthú ar fud snáitheanna éagsúla den cheapadh beartais.

**Ag féachaint chun cinn, beidh sé ríthábhachtach tuilleadh faireacháin agus meastóireachta a dhéanamh ar bhearta maidir leis an aistriú cóir chun cinntí beartais a threorú amach anseo**. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint den fhaireachán ar na gníomhaíochtaí atá ann cheana féin agus ar na cinn atá beartaithe, agus tuilleadh oibre á déanamh chun an cur chuige fianaise-bhunaithe a neartú agus an próiseas faireacháin a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhthuiscint ar phríomhchoincheapa a chur chun cinn, mar shampla poist ghlasa agus scileanna glasa, agus ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta, don tsochaí shibhialta agus do shaoránaigh. Tá rialachas agus faireachán leormhaith an Mholta seo, i gcás inarb ábhartha, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirítear faoi chuimsiú na gcoistí ábhartha, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, ríthábhachtach chun an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme na hionstraime neamhcheangailtí sin a rianú agus a chur chun cinn.

**Ina theannta sin, le leithdháileadh stóinseach agus úsáid éifeachtach as na cistí sin de chuid an Aontais atá ar fáil – ón mBeartas Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – is féidir tacú leis na Ballstáit** chun dul i ngleic leis na dúshláin agus na spriocanna gaolmhara a bhaint amach, in aghaidh na rioscaí a bhaineann le titim chun deiridh i ndáil leis na riachtanais infheistíochta chun aistriú glas cóir a éascú. Déantar foráil, i gcistí uile an Aontais, maidir le córais leordhóthanacha a chur ar bun chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar úsáid agus éifeachtacht na mbeart a chuirtear chun feidhme, i gcomhréir le rialacháin an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit comhleanúnachas leis na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a áirithiú freisin agus a bheith réidh chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní a chuirtear ar fáil in 2025 tríd an gCiste Aeráide Sóisialta chun an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag síneadh an chórais trádála astaíochtaí chuig foirgnimh agus iompar de bhóthar a mhaolú.